D'oscail Ceolfhoireann Shiansach Choinséartó Bhúdaipeist agus András Keller á stiúradh agus Pierre Laurent Aimard ar an bpianá an tSraith Idirnáisiúnta Ceolchoirmeacha, agus bhí go leor ainmneacha suntasacha eile ag seinm i rith an tséasúir, lena n-áirítear an dordveidhleadóir Sheku Kanneh-Mason, Téadcheathairéad na Danmhairge, Europa Galante leis an soprán Nardus Williams agus an pianódóir Richard Goode. Thug an Deutsche Kammerphilharmonie Bremen, arna stiúradh ag Paavo Järvi, ceann de na taibhithe ceolfhoirne is fearr in Éirinn le blianta beaga anuas, mar chuid den tSraith seo.

Tá tiomantas an Cheolárais Náisiúnta do cheol na hÉireann ina chuid lárnach dár gclár i gcónaí. Leanann ár bhféile Tradition Now de ghlúin úr rathúil de cheoltóirí traidisiúnta agus tíre a chur i láthair, Cormac Begley, Ye Vagabonds, A Lazarus Soul, Maija Sofia, Aoife Ní Bhriain & Catrin Finch, agus Strange Boy ina measc. Bronnadh an Gradam Liam O'Flynn, duais a fhaigheann tacaíocht fhlaithiúil ón gComhairle Ealaíon, ar Strange Boy. Ar bhuaicphointí shraith ceoil chomhaimseartha CN, Perspectives, bhí an t-amhránaí fado Portaingéalach Mariza a bhuaigh duaiseanna iomadúla, an t-amhránaí/scríbhneoir amhrán agus taibheoir a bhfuil cáil dhomhanda air Elvis Costello in éineacht le Steve Nieve, an pianódóir Jazz Brad Mehldau ar ar bronnadh Gradam Grammy, agus Hannah Peel.

Ar Lá Fhéile Pádraig, rinne Éire comóradh 25 bliain ar Chomhaontú Aoine an Chéasta in Ionad Uí Chinnéide i Washington. Ba mhór an onóir don Cheoláras Náisiúnta a bheith i mbun coimeádaíochta agus léirithe ar an gceolchoirm speisialta seo i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Thug an ceolchoirm seo ina raibh go leor taibheoirí den scoth páirteach léargas comhaimseartha ar an gComhaontú agus ar ár gcaidreamh le Meiriceá.

In imeacht na cúig bliana atá amach romhainn, déanfar claochlú ar an gCeoláras Náisiúnta lenár n-uaimhian campas ceoil a bhfuil cáil dhomhanda air a chruthú chun ceol a léiriú, a chruthú agus chun taitneamh a bhaint as, ag tabhairt rochtain iomlán don phobal ar an suíomh stairiúil seo. Táimid ar bís faoi dhul chun cinn ár bpleananna athfhorbartha, agus tugaim aitheantas ar fhoireann dhícheallach Oifig na nOibreacha Poiblí. Cloch mhíle thábhachtach a bhí san iarratas ar chead pleanála d'Ionad Ceoil Foghlama agus Rannpháirtíochta nua a cuireadh isteach in 2023, Fuarthas an cead pleanála agus tá áthas orm go bhfuil an tionscadal ag bogadh ar aghaidh go dtí céim an tsoláthair agus go mbeidh an tógáil ag tosú go luath in 2025.


Fáiltím roimh rith an Achta um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta) (Leasú) 2023, a thug an fheidhm dúinn go hoifigiúil bainistiú a dhéanamh ar an gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta, ar an gCór Siansach Náisiúnta, ar Chór Linn agus ar Chór na nÓg. Cheadaigh sé

seo freisin do chomhalta Boird nua a cheapadh le saineolas ceolfhoirne, agus i ndiaidh glao ar iarratais, d'fhógair an tAire Catherine Martin ceapachán an Ollaimh Clíona Dorris ar feadh téarma cúig bliana.

Mar Chathaoirleach ar an gCeoláras Náisiúnta, táim thar a bheith bródúil as an ról atá ag ár n-institiúid maidir le dul i dteagmháil le gach lucht éisteachta trí raon éagsúil de thairiscintí ceoil agus clár chun oideachas agus spreagadh a chur ar fáil. Ní bheadh aon chuid den saothar iontach seo indéanta gan díograis agus paisean ár bhfoirne, ealaíontóirí, taibheoirí, tionscnóirí, pátrúin agus cuairteoirí. Gabhaim buíochas le gach duine a ligean dúinn leanúint ar aghaidh ag cur na n-eispéireas iontach seo ar fáil as a dtiomantas don cheol. Le chéile, leanfaimid orainn ag cur an cheoil chun cinn mar fhoirse spreagtha do dhaoine agus do phobail uile na tíre.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord. Tá an t-ádh liom go bhfuil comhchomhaltaí Boird den scoth ag obair liom atá iomlán díograiseach i gcónaí. Gabhaim buíochas le gach aon duine agaibh as ucht bhur gcuid oibre agus as ucht mo ról a dhéanamh níos fusa. Is tábhachtach ról ár gceithre choiste boird agus a chathaoirligh na gcoistí sin a lua go sonrath. Déanann na coistí seo freastal mionchúiseach ar ábhair riachtanacha, ag cinntiú go bhfuil an Bord in ann cinntí tábhachtacha a dhéanamh agus eagraíocht a sheachadadh atá dílis do gach aon ábhar a bhaineann le dea-rialachas.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht shuntasach an Aire Catherine Martin TD agus dá foireann dhíograiseach sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus buíochas ó chroí a chur in iúl dóibh.



MAURA MCGRATH

Cathaoirleach

RÉAMHRÁ AN PHRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN



I leathanaigh na tuarascála bliantúla seo, gheobhaidh tú cuntas ar an raon ilghnéitheach taibhithe a bhí ar ár stáitse le linn 2023, ag léiriú an stóir shaibhir de thallann cheoil a chuirimid ar fáil. Tá an Ceoláras Náisiúnta fós tiomanta do raon éagsúil agus spreagúil eispéiris cheoil a chur i láthair dár lucht éisteachta go léir. Trí choimeád cúramach agus pleanáil mhachnamhach a dhéanamh, tá léirithe ceoil den scoth curtha ar fáil againn agus ag an am céanna, táimid tar éis timpeallacht a chothú a spreagann taiscéalaíocht ealaíonta, cruthaitheacht agus nuálaíocht.

Táimid den tuairim gur linne go léir an ceol, agus in 2023, leanamar ar aghaidh ag infheistiú i leathnú ár dtionscadal for-rochtana ar nós Health & Harmony agus Music in Mind, chomh maith le cuairteanna a thabhairt ar an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin agus ár gclár leanúnach ceoil in Ospidéal Leanaí. Bhí sceitimíní orainn freisin Music in Mind Youth a thosú, a bhuí sin le maoiniú nua ó Chiste Cothaithe na nÓg de chuid Éire Ildánach. Ligeann an clár seo, atá ar siúl i 10 n-ionad ar fud na tíre, do dhaoine óga a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu páirt a ghlacadh in ensembles ceoil agus i gcóir, rud a bhféadfadh éifeachtaí dearfacha fadréimseacha a bheith ag baint leis. Ní mór tagairt ar leith a dhéanamh do ESB as a dtacaíocht dár gClár Ceoil STEM, Quavers to Quadratics, agus Walkers dár Ensemble Ceoil Bunscoile.

Táimid buíoch go speisialta as tacaíocht Tomar Trust, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, HPRA, Ciste Cothaithe na nÓg de chuid Éire Ildánach agus Ciste Ealaíon Tús le Chéile de chuid Bhanc na hÉireann as a dtacaíocht dár gClár Foghlama agus Rannpháirtíochta. Leanamar freisin lenár gclárú reatha de cheolchoirmeacha 'Sing Along' le Scoileanna Speisialta, Bring Along A Baby, Tea Dance Tunes - ceolchoirmeacha a thacaíonn le néaltrú, Picnicí Ceoil agus Ceolchoirmeacha Teaghlaih éagsúla.

Ó thacaíocht agus éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht sa cheol agus ar thaitneamh a bhaint as an gceol go dtí na caighdeáin is airde de thaibhithe ceoil thar gach seánra a cheiliúradh, thairg sraith chomhaimseartha an CSN dar teideal Perspectives, léargas ar an déanamh ceoil is spreagúla agus is nuálaí in Éirinn ag ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. I measc na mbuaicphointí, bhí an fhoireann il-ealaíontóirí ceoil le haghaidh Electronic Erased Tapes a bhí lonnaithe ar champas an CN i mí na Bealtaine ar feadh lá de chumadóireacht íosta agus ceol leictreonach ó Rival Consoles, Kiasmos, Anne Muller, agus Qasim Naqvi. I measc na n-ealaíontóirí ceoil eile sa tSraith Perspectives, bhí: an t-amhránaí fado Portaingéalach Mariza, Elvis Costello le Steve Nieve, an pianódóir agus cumadóir Snagcheoil ar ar bronnadh Gradam Grammy Brad

Mehldau, agus go leor eile. D'éirigh go hiontach lenár bhféile ceoil leictreonaigh déanach san oíche, Haunted Dancehall, atá ina dara bliain anois, agus bhí idir an lucht éisteachta agus na léirmheastóirí thar a bheith sásta léi.

Ag ceiliúradh scoth an cheoil agus na dtaibhithe ceolfhoirne in Éirinn, áiríodh le buaicphointí na Ceolfhoirne Siansaí Náisiúnta (CSN) léirithe den chéad uair ar domhan leis na cumadóirí Éireannacha Brian Byrne, Ann Cleare, Shaun Davey, Amanda Feery agus Karen Power, chomh maith leis an gcéad taibhiú Éireannach de Aus Die bitteren Tränen der Petra von Kant le Gerald Barry don oildord agus do cheolfhoireann. Mar chuid de Composer Lab, tionscnamh forbartha gairmiúla a cuireadh ar fáil i gcomhpháirtíocht leis an Lárionad Ceoil Chomhaimseartha agus RTÉ Lyric FM, léirigh an CSN go bródúil an chéad taibhiú domhanda leis na cumadóirí Geoff Hannan, Daragh Black Hynes, Tom Lane agus Amy Rooney. I mí na Nollag, chonaiceamar an chéad taibhiú a rabhthas ag súil go fonnmhar leis ag an stiúrthóir Meiriceánach, Marin Alsop leis an gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta, i léiriú spleodrach de Rite of Spring íocónach de chuid Stravinsky agus Coinséartó Fliúit Christopher Rouse le hEmer McDonough mar aonréadaí. Mar chuid den tionscadal seo freisin, bhí Marin i gceannas ar mháistir-ranganna le hochtar stiúrthóirí idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn ag obair leis an CSN ar shárshaothar Stravinsky. Chuir Marin, stiúrthóir ceoil clúiteach agus duine de na hoideoirí ceoil is fearr dár linne, eispéireas dodhearmadta i láthair do stiúrthóirí óga a bhfuil gealladh fúthu ar oibriú in éineacht léi féin agus leis an CSN i sraith máistir-ranganna, seimineár, agus díospóireachtaí a scrúdaíonn na scileanna a theastaíonn chun ceolfhoirne a threorú amach anseo.

I Sraith Ceolchoirmeacha Idirnáisiúnta an Cheolárais Náisiúnta, bhí cuid de phríomhcheoltóirí clasaiceacha an domhain ag seinm do lucht féachana na hÉireann i sraith arna spreagadh ag luachanna, cultúr agus smaointe Eorpacha. Bhí na taibhithe iontacha seo ar siúl ag an am céanna le comóradh 50 bliain de bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach. Agus téamaí na himirce, na féiniúlachta, na saoirse, agus go leor eile á n-iniúchadh, chuir an tSraith clár iontach ar fáil ó Théadcheathairéad na Danmhairge go Die Deutsche Kammerphilharmonie Bremen leis an stiúrthóir clúiteach Paavo Järvi agus an pianódóir Fabian Müller, chomh maith le deireadh seachtaine speisialta téadcheathairéid dar teideal 'Migrations' agus an tsraith aireagail 'Echoes of Europe' agus tuilleadh eile nach iad. Dar liom féin, bhí Ceolfhoireann Shiansach Choinséartó Bhúdaipeist leis an stiúrthóir András Keller agus an pianódóir Francach Pierre-Laurent Aimard ag seachadadh léirithe den scoth de Shiansa Uimh. 40 le Mozart agus Eroica le Beethoven i measc bhuaicphointí na bliana.

Ba é an 9ú Siansa de chuid Beethoven lena 'Ode to Joy' aithnidiúil an saothar roghnaithe a rinne an Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta, arna stiúradh ag David Brophy, mar aon le cór a cuireadh le chéile go speisialta agus aonréadaithe Éireannacha agus Eorpacha, agus a léiríodh i gceolchoirm ar leith chun comóradh a dhéanamh ar 50 bliain de bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach.

Mar Institiúid Chultúrtha Náisiúnta an Cheoil in Éirinn, is é an sainchúram atá orainn ná déanamh ceoil agus taibhithe ceoil den chéadscóth a spreagadh, a chothú agus a cheilliúradh, ach ní hamháin sin, tá sé de shainchúram orainn chomh maith ár raon a leathnú agus a oiread deiseanna agus is féidir a sholáthar dár bpobal a bheith rannpháirteach linn. Chuir ár gcomhpháirtíocht le RTÉ deis amháin mar sin ar fáil nuair a cuireadh craoltaí raidió ar Shéasúr CSN amach ar RTÉ Lyric FM, chomh maith le rogha de chraoltaí EBU a cuireadh amach chomh maith i rith na bliana. Chuaigh an CSN ar thuras go Port Láirge, Gaillimh, Luimneach, agus Loch Garman, agus sheinn ár dtrí chór (an Cór Siansach Náisiúnta, Cór Linn, agus Cór na nÓg) i roinnt ceolchoirmeacha laistigh de CSN agus in ionaid lasmuigh, lena n-áirítear léiriú ag an gCór Siansach Náisiúnta ag oscailt an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta i gCo. Laoise.

Tionscadal spreagúil eile a chuir ealaín phoiblí agus ceol le chéile agus a cheadaigh dúinn rannpháirtíocht uathúil a dhéanamh le cuairteoirí ar Fhaiche Stiabhna i gCathair Bhaile Átha Cliath ná 'Soundwalk', arna chumadh ag an gcumadóir Ellen Reid a bhain Duais Pulitzer amach, le tacaíocht ó IPUT Real Estate agus Oifig na nOibreacha Poiblí. Moltar don phobal aip saor in aisce atá cumasaithe le GPS a íoslódáil. Úsáideann an aip seo ceol chun an timpeallacht nádúrtha a shoilsiú agus a n-eispéireas iomlán a fheabhsú.

Agus athbhreithniú á dhéanamh agam ar chlár iomlán na ngníomhaíochtaí sa Cheoláras Náisiúnta in 2023, is cúis áthais dom a thuairisciú gur fhreastal líon mór daoine ar na himeachtaí go léir i rith na bliana. Bhí áthas ar leith orm méadú suntasach a fheiceáil ar an lucht freastail céaduaire agus ar áirithintí mac léinn, mar thoradh ar fheachtais cur chun cinn éagsúla. Is sprioc thábhachtach dár n-eagraíocht é seo agus iarracht á déanamh againn i gcónaí ceol a chur chun cinn agus rannpháirtíocht a fheabhsú don chéad ghlúin eile den lucht féachana. In 2023, chuir an Ceoláras Náisiúnta os cionn 1,500 imeacht chun cinn, idir imeachtaí ar an láthair agus imeachtaí lasmuigh de. Chuireamar fáilte roimh beagnach 240,000 duine chuig an ionad, agus d'éirigh linn teagmháil a dhéanamh le 44,000 duine breise i 14 chontae trínár gcuid oibre Foghlama agus Rannpháirtíochta.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil agus aitheantas a thabhairt dár dtionscnóirí dícheallacha a chuir ealaíontóirí ceoil den chéadscóth ar fhéilire an CN ionas go mbainfidh an lucht féachana taitneamh astu, agus ag cur go mór le saibhreas an chláir.

Bhí ról tábhachtach ag ár gcomhpháirtithe corparáideacha agus ár n-urraitheoirí freisin maidir le tacú le rochtain ar cheol agus le taitneamh a bhaint as. Bhí lúcháir orainn gur tugadh aitheantas don mhéid a rinne siad ag roinnt dámhachtainí urraíochta tionscail, lena n-áirítear na Gradaim Business to Arts agus Gradaim Urraíochta na hÉireann, aitheantas a bhí tuillte go maith acu ar a dtacaíocht le blianta fada. Táimid an-bhuíoch as an tacaíocht leanúnach ónár gComhpháirtithe Corparáideacha go léir lena n-áirítear IPUT Real Estate Dublin, Walkers Clancourt, Davy, Byrne Wallace LLP, The Earlsfort Group, Amgen, Scoil Ghnó ICD, Philip Lee, agus Permanent TSB.

I ndomhan nach mbíonn ar aontuairim go minic, tá an Ceoláras Náisiúnta ina fhórsa aontaithe le bliain anuas, ag tabhairt daoine ó gach gné den saol le chéile chun páirt a ghlacadh in eispéiris bhunathraithe agus draíocht an léirithe bheo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Catherine Martin agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán as a dtacaíocht leanúnach, agus buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann dhíograiseach a chinnfionn oibriú rianúil ár n-ionad. Táim thar a bheith buíoch de na healaíontóirí ceoil cumasacha a sheas ar ár stáitse agus a roinn a gcuid paisin agus a gcuid cruthaitheachta linn go léir. Agus thar aon ní eile, ba mhaith liom an meas mór atá agam ar ár gCairde dílse, ár gcuairteoirí agus ár bpátrúin a chur in iúl. Ligeann na daoine seo dúinn leanúint ar aghaidh d'eispéiris cheoil a chur ar fáil, ag spreagadh an lucht féachana atá againn anois agus a bheidh againn amach anseo.

ROBERT READ

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

2024



Seoladh Soundwalk de chuid Ellen Reid i bhFaiche Stiabhna.



Sa phictiúr ag Ceolchoirm Fleáchais an AE 50 bhí Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Cheolárais Náisiúnta, Robert Read, an Tánaiste Micheál Martin, Cathaoirleach an CN Maura McGrath agus an tAire Stáit do Ghnóthaí Eachtracha Peter Burke.



Seinneann Jessie Grimes in éineacht leis an gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta le haghaidh Symphony Shorts.



Oscloíonn Concerto Budapest agus an pianódóir Francach Pierre-Laurent Aimard Séasúr 2023/24 an Cheolárais Náisiúnta.



An stiúrthóir iomráiteach Marin Alsop leis an gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta.



Cuidíonn an tAire Catherine Martin leis an gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta agus leis an stiúrthóir Jaime Martín a séasúr nua a sheoladh.



Ceolchoirm Deiridh an Tionscadail Ensemble Bunscoile an Cheolárais Náisiúnta.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL BAILL AN BHOIRD

Is mór ag an mBord a Thuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 a chur i láthair.

PRÍOMHFHEIDHMEANNA AGUS ATHBHREITHNIÚ OIBRIÚCHÁIN

Is iad príomhfheidhmeanna na heagraíochta faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015:-

(a) an t-ionad náisiúnta a chur ar fáil agus a oibriú, ag féachaint do chaighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtas, maidir le seinm, léirthuisicint agus taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí ceoil, cruthaitheacha, ealaíonta agus cultúrtha lena n-áirítear cur chun cinn ceolchoirmeacha agus aithrisí ar luach ealaíonta, oideachais agus cultúrtha,

(b) seinm, eolas, léirthuisicint, cruthú agus taitneamh a bhaint as an gceol mar chuid lárnach de bheatha na hÉireann a chur chun cinn agus tacú leis ar mhaithe le leas an phobail,

(c) siamsaíocht, oideachas agus spreagadh a thabhairt don phobal trí eispéiris cheoil, agus

(d) uileghabhálacht, rannpháirtíocht, cruthaitheacht, triail agus rannpháirtíocht sa cheol a spreagadh agus a chur chun cinn trí rannpháirtíocht le daoine aonair agus pobail éagsúla mar thaibheoirí, rannpháirtithe, cumadóirí nó baill den lucht éisteachta,

agus ón Acht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta) (Leasú), 2023:

(e) an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta (“an cheolfhoireann ar a dtugtar Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ ar lá an aistrithe”) agus na Cóir (“ar a dtugtar Cór Fiolarmónach RTÉ, RTÉ Cór na nÓg agus RTÉ Cór Linn” ar lá an aistrithe) a chothabháil agus a oibriú.

TORTHAÍ DON BHLIAIN

Leagtar amach na cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar leathanaigh 15 go 35.

Léirítear sna torthaí don tréimhse seo ar ghnáthghníomhaíochtaí agus i ndiaidh iad a aistriú chuig an gcúlchiste athfhorbartha caipitil, barrachas EUR 605,660 (2022 – barrachas de EUR1,533,299).

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS ÉIGINTEACHTAÍ

Baineann na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a dhéanann dífeare don eagraíocht don bhliain amach romhainn le huainiú, impleachtaí oibríochtúla agus airgeadais athfhorbairt an Cheolárais Náisiúnta. Bíonn rioscaí agus éiginnteachtaí roimh an eagraíocht, chomh maith, a n-áireofaí leo, ach nach bhfuil teoranta dóibh, dálaí geilleagracha idirnáisiúnta agus áitiúla, boillsciú, na tionchair a imreoidh siad ar an airgead a chaitheann custaiméirí i limistéar phríomhghníomhaíocht na heagraíochta agus an tionchar a imríonn sé ar an airgead a chaitheann tomhaltóirí go lánroghnach, go ginearálta. Déanann an Bord na rioscaí seo a bhainistiú trí mhaoirseacht ghníomhach á déanamh ag Fochoistí an Bhoird ar na rioscaí seo, trína chinntiú go bhfuil Coistí

Stiúrtha cuí i bhfeidhm agus trí iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil dóthain tacaíocht airgeadais reatha ag an eagraíocht.

CÚLCHISTÍ

B'ionann an barrachas carntha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais agus EUR3,606,657 amhail an 31 Nollaig 2023 (31 Nollaig 2022 – EUR3,012,039). Ina theannta sin, b'ionann cúlchistí eile amhail an 31 Nollaig 2023 agus EUR294,109 (31 Nollaig 2021 - EUR298,109).

TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is iad na bearta faoinar thug an Bord le comhlíonadh a chinntiú maidir le taifid chuí chuntasaíochta go gcuirtear beartais agus nósanna imeachta riachtanacha i bhfeidhm chun idirbhearta a chur i dtaifead, pearsanra inniúil cuntasaíochta a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na heagraíochta ag an gCeoláras Náisiúnta, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Cuimsítear sna figiúirí comparáideacha an bhliain ón 1 Eanáir – 31 Nollaig 2022.

CÚRSAÍ RIALACHAIS

Bunaíodh an Ceoláras Náisiúnta mar chomhlacht corpraithe faoin Acht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta), 2015, arna leasú leis an Acht um Fhorais Chultúrtha Náisiúnta (An Ceoláras Náisiúnta)(Leasú), 2023. Bunaíodh Bord an Cheolárais Náisiúnta ('CN') faoin Acht 2015.

Beidh an Bord cuntasach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus beidh siad freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn siad an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ('an POF') agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí ('an FBS') freagrach as bainistíocht, rialú agus treorú rialta laethúil an CN. Caithfidh an POF agus an FBS an treorú straitéiseach fairsing a thugann an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Bhoird go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocfaidh aníos. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an CN.

FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Leagtar obair agus freagrachtaí an Bhoird amach san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015 ('an tAcht'), ina gcuimsítear, chomh maith, na ceisteanna nach féidir ach leis an mBord cinneadh a dhéanamh orthu. De bhreis air sin, leagtar amach ról an Bhoird sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. I measc na mbuanmhíreanna arna mbreithniú ag an mBord, tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- nithe forchoimeáda.

Le hAlt 26 den Acht, ceanglaítear ar Bhord an CN gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an CN an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- sonrú cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, seasamh airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 26 den Acht. Tá an Bord freagrach as coimeád agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an CN. Tá an Bord freagrach as coimeád agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an CN.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as na buiséid bhliantúla a cheadú. Cuireadh an plean bliantúil agus an buiséad do 2024 i láthair agus comhaontaíodh iad ag cruinniú Boird ar an 18 Nollaig 2023.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar i ráitis airgeadais an CN léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an CN ar an 31 Nollaig 2023.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá Cathaoirleach agus naonúr gnáthchomhalta ar an mBord, agus iad go léir ceaptha ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse idir trí agus cúig bliana agus casann siad ar a chéile gach dhá mhí. Sonraítear sa tábla thíos téarma ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhaltaí Boird an CN agus a dTearmaí

Ainm	Téarma	Dáta Ceapacháin / Athcheapacháin
Maura McGrath (Cathaoirleach)	5 bliana	24 Meitheamh 2021
James Cavanagh	5 bliana	28 Iúil 2020
Rebecca Gageby	5 bliana	28 Iúil 2020
Hilary Hough	5 bliana	3 Nollaig 2020
Michelle O’Sullivan	5 bliana	3 Nollaig 2020
John Reynolds	5 bliana	24 Meitheamh 2019
Don Thornhill	5 bliana	24 Meitheamh 2021
Niamh Murray	5 bliana	9 Meán Fómhair 2022
Peter McKenna	5 bliana	9 Meán Fómhair 2022
Clíona Doris	5 bliana	28 Feabhra 2023

Rinne an Bord measúnú neamhspleách ar an mBord i R4 2023, agus eisíodh an tuarascáil in 2024. Rinneadh an t-athbhreithniú seachtrach roimhe seo ar Éifeachtúlacht an Bhoird i mí Aibreáin 2021.

Bhí ceithre choiste bunaithe roimhe seo ag an mBord agus in 2023 bunaíodh an cúigiú ceann, coiste earcaíochta an Cheolárais Náisiúnta:

- 1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR):** Tá ceathrar comhaltaí Boird ar an CIR faoi láthair agus tá Hilary Hough ina Cathaoirleach air. Is é a ról tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhaithe ghaolmhair. Cinntíonn an Coiste go sonrach go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinniú, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain. Ba iad comhaltaí an CIR: Hilary Hough (Cathaoirleach), John Reynolds, Don Thornhill agus Clíona Doris. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Airgeadais ar gach cruinniú, chomh maith. Reáchtáladh 6 chruinniú den CIR in 2023.
- 2. An Coiste Acmhainní Daonna Straitéiseacha, Forbartha Eagraíochta, Feidhmíochta agus Acmhainneachta (“an CADS” ”):** Tá triúr comhaltaí Boird ar an CADS. Is é ról an CADS chun tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí chun treoir agus tacaíocht a sholáthar d’fhorbairt eagraíochta an CN. Ba iad comhaltaí an choiste seo: Michelle O’Sullivan, (Cathaoirleach), John Reynolds, Maura McGrath. Freastalaíonn an POF agus Ceann AD ar gach cruinniú, chomh maith. Reáchtáladh 6 chruinniú den CADS in 2023.
- 3. An Choiste um Fhorbairt Láithreán an CN agus Pleanáil Chaipitiúil (“an CFLC”):** Tá cúig comhaltaí Boird ar an CFLC. Freastalaíonn an POF, an Ceann Oibríochtaí agus an Ceann Margaíochta agus Cumarsáide ar na cruinnithe seo, chomh maith. Is é ról an CFLC chun treoir

agus tacaíocht a sholáthar d'athfhorbairt an CN. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste seo: Rebecca Gageby (Cathaoirleach), James Cavanagh, Hilary Hough, Maura McGrath, Peter McKenna agus John Reynolds. Rinne an CN seirbhísí monatóir ar leith tionscadail a fhostú chun cabhrú leis an gcoiste chun pleanáil a dhéanamh do thionscadal athfhorbartha an CN, a thuiriscíonn leis an CFLC agus a fhreastalaíonn ar chruinnithe rialta. Reáchtáladh 6 chruinniú den CFLC in 2023.

4. An Coiste Clár, Foghlama agus Rannpháirtíochta ('an CCFR'): Tá triúr comhaltaí Boird ar an CCFR. Is é ról an CCFR léargas ginearálta straitéiseach a thabhairt ar chláreagrú ceolchoirme agus foghlama agus rannpháirtíochta chun tacú le misean an CN. Ba iad comhaltaí an choiste seo: James Cavanagh, John Reynolds, Niamh Murray agus Clíona Doris. Ghlac Clíona Doris ról Chathaoirleach an CCFR in 2024. Freastalaíonn an POF, an Ceann Pleanála Clár, Bainisteoir Ginearálta CSN, an Ceann Margaíochta agus Cumarsáide, an Ceann Comhpháirtíochtaí agus Daonchairdis agus an Ceann Foghlama agus Rannpháirtíochta ar na cruinnithe seo freisin. Reáchtáladh 7 gcruinniú den CCFR in 2023.

5. Coiste Earcaíochta CSN: Tá triúr comhaltaí Boird ar an CSN. Is é ról Choiste Earcaíochta an CSN ná maoirseacht a dhéanamh, dul i gcomhairle agus comhairle a thabhairt maidir le próiseas earcaíochta an CSN chun an próiseas a dhéanamh níos tapúla agus líon na seinnteoirí a chur ar ais chuig leibhéal a nglactar leo go hidirnáisiúnta. Feidhmeoidh sé ar feadh tréimhse sé mhí agus ina dhiaidh sin déanfaidh sé athbhreithniú ar a éifeachtúlacht agus ar a chomhábhair. Ba iad na comhaltaí boird ar an gcoiste seo ná James Cavanagh (Cathaoirleach), Clíona Doris agus Niamh Murray. Reáchtáladh 4 chruinniú de Choiste Earcaíochta CSN in 2023.

SCEIDEAL FREASTAIL, TÁILLÍ AGUS COSTAIS NA gCOMHALTAÍ

	Bord	CIR	CADS	CFLC	CCFR	Earcaíocht	Costais
Líon na gCruinnithe	6	6	6	6	7	4	
Maura McGrath (Cathaoirleach)	6		6	5			€5,151
James Cavanagh	6			5	7	4	€781
Rebecca Gageby	6			6			
Hilary Hough	6	6		3			
Michelle O'Sullivan	5		6				€16
John Reynolds	6	5	6	4	5		
Don Thornhill	5	6					
Peter McKenna	5			5			
Niamh Murray	4				4	4	
Clíona Doris	5	2			4	4	
Iomlán							€5,948

Ní íoctar táille le comhalta ar bith den bhord stiúrthóirí.

NOCHTADH A CHEANGLAÍTEAR LEIS AN gCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an CN riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear nochtadh áirithe leis an gCód agus cuimsítear iad seo i gcorp na tuarascála seo.

CAITEACHAS AR FHÁILTEACHAS

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

	2023	2022
	€	€
Fáilteachas Foirne	447	146
Fáilteachas Cliant	1,959	1,522
Iomlán	2,406	1,668

COSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA

Is iad seo a leanas na costais chomhairleachta, atá san áireamh sa Chaiteachas, faoina gcatagóir costais ábhartha:

	2023	2022
	€	€
Comhairle Dí	148,302	51,851
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	95,992	85,922
Seirbhísí Caidrimh Phoiblí/Margaíochta	144,223	118,131
Seirbhísí Eatramhacha AD	228,964	
Tacaíocht do ER/IR	45,604	
Earcaíocht	32,870	18,302
Sainchomhairleoireacht AD/Bainistíocht Athruithe	130,498	31,108
Feabhsú Gnó	10,216	6,511
Comhairliúchán RGCS	15,992	14,400
Eile	2,263	5,000
Iomlán	854,924	331,225


In 2023, thabhaigh an Bord costais dlí agus comhairleoireachta AD i ndáil le foireann na Ceolfhoirne Siansaí Náisiúnta a aistriú ó RTÉ

Rinneadh costais chomhairleoireachta €45,037 a bhain le tionscadal tógála athfhorbartha an CN a chaipitliú.

RÁITEAS MAIDIR LE COMHLÍONADH

Ghlac an Chomhairle le Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sí nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an CN an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023.

SÍNITHE THAR CEANN AN BHOIRD



MAURA MCGRATH

Cathaoirleach an Bhoird

Dáta 26 September 2024



HILARY HOUGH

Cathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Thar ceann an Cheolárais Náisiúnta ('an CN'), agus maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidmiú. Cuireann an fhreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 ('an Cód') san áireamh agus is mian linn a dheimhniú gur ghlac an CN leis an gCód agus gur chomhlíon sé an Cód.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thairfeadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm ag an CN don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Bhí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ('CIR') ag an CN ina bhfuil triúr comhaltaí Boird. Reáchtáladh ó chruinniú den CIR in 2023.

Tugann an CN faoin bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí trí ghníomhaireacht sheachfhoinsithe. Tá dóthain acmhainní ag an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus tugann sí faoi chlár oibre lena gcomhaontaítear leis an CIR.

D'fhorbair an CIR beartas bainistíochta riosca don Bhord ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an CN, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an CN córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an CN agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Tá cathaoirleach an fhóirne bhainistíochta riosca freagrach as an CIR a nuashonrú maidir le haon aon teagmhais

agus/nó athruithe ábhartha a thagann ar an gclár rioscaí ar bhonn ráithiúil. Déantar athbhreithniú ar gach riosca sa chlár sé huair sa bhliain. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú. Deimhníonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- sonraítear sa lámhleabhar beartais agus nósanna imeachta airgeadais na príomhphróisis,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an luchta bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándaíl na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Bord, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil.

Deimhnímid go bhfuil na córais monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht, agus,
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

Soláthar

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CN lena chinntiú go gcomhlíontar Treoirlínte Soláthair Poiblí. Cé gur chomhlíon an CN na nósanna imeachta seo ar an iomlán le linn 2023, tá roinnt réimsí ann ar gá iad a fheabhsú:

- Faigh agus coinnigh ar comhad 3 luachan i scríbhinn nuair a bhí na hearraí / seirbhísí i gceist laistigh de raon €5,000 - €50,000. In 2023, bhí 2 shampla ann nárbh amhlaidh an cás:
 - Fuarthas meastachán aonair le haghaidh sainseirbhísí chun nótaí cláir ar luach €22,000 a scríobh. Déanfaidh an CN iarracht an líon seirbhísí atá ar fáil sa réimse seo a leathnú agus 3 luachan a fháil.

- Ceapadh Arthur Cox do chomhairle dlí práinneach ar chostas €20,000, gan dul tríd an bpróiseas Soláthair.

- Sonraí an tsoláthraí rathúil a fhoilsiú ar eTenders, nuair a roghnaíodh an díoltóir tríd an bpróiseas eTenders. Ní dhearnadh é sin chun an Chruit a fháil ó Salvi.
- Dearbhú Coinbhleachtaí Leasa a choinneáil ar comhad. Ní dhéantar é sin i gcónaí.
- Cuir Plean Soláthair Ilbhliantúil i bhfeidhm. Ní raibh sé seo i bhfeidhm do 2023.

Leanfaidh an bhainistíocht ag treisiú na dTreoirínte um Sholáthar Poiblí.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht


Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta ag an CN chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an CN ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an CIR a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den CN atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na bainistíochta riosca agus na rialuithe inmheánacha an 30 Bealtaine 2024, faoi mar a chuirtear i gcuntas i miontuairiscí an Bhoird ar an dáta céanna, agus dheimhnigh siad a leordhóthanacht.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Seachas na cinn a luadh faoi 'Soláthar', ní dhearnadh aon laigí sa rialú inmheánach a shainathint maidir le 2023 a chaithfear iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

SÍNITHE THAR CEANN AN BHOIRD



MAURA MCGRATH

Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 26 September 2024



HILARY HOUGH

Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta & Riosca

An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ceoláras Náisiúnta



Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Cheolárais Náisiúnta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar a éilítear de réir fhorálacha Ait 26 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ioncaim agus caiteachais
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid thirim, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Cheolárais Náisiúnta amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2023 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar an gCeoláras Náisiúnta agus tá mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gurb iomchuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an gCeoláras Náisiúnta in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuairisc chomhaltáí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar dtuairiscim de réir eisceachta, san aguisín leis an tuairisc seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Mark Brady

Thar ceann an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2024

Aguisín leis an tuairisc

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a leagtar síos faoi alt 26 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a chumasú, bíodh an míshonrú sin mar gheall ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Ginearálta

Éilítear orm faoi alt 26 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Cheolárais Náisiúnta agus tuairisciú orthu siúd do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithefear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann tar éis iniúchadh a dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna).

Féadtar míshonruithe tarlú ó chalaos nó earráid agus meastar ábhartha iad, ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, dá mbeifí ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna ndéanamh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh agus de réir na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Sainaitníim agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha ar na ráitis airgeadais, cé acu de dheasca calaoise nó earráide; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithefear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca a bhaineann le míshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar na gnéithe den rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasáíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas an Cheolárais Náisiúnta leanúint mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim conclúid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor den Cheoláras Náisiúnta leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu a léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainníthim le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasáíochta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaítear faisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de thátal dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, ar an gcaoi sin, a bhreithniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas atá faighte agam le linn an iniúchta, nó má tá an chuma ar an scéal ar shlí eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má dhéanaim conclúid, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmíthe de. Tuairiscím má thugaim faoi deara gurb ann do cheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta.

Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.


Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas don Bhliain dár Críoch an 31 Nollaig 2023

		2023	2022
IONCAM	Nótaí		
Deontas ón Státchiste	5	13,282,183	12,663,439
Ioncam ó Fhéinphromóisin		2,977,442	2,730,633
Amúchadh an Deontais Chaipitil	16	378,022	315,862
Glanchistiú larchurtha do Phinsin	23a	1,652,123	1,021,298
Ioncam eile	6b	2,046,758	2,360,255
Ioncam Iomlán		20,336,528	19,091,487
CAITEACHAS			
Costais Foirne	7	9,835,196	8,539,893
Costais Phinsin	23a	1,418,210	850,207
Costais Phromóisin	8	5,457,350	4,718,857
Costais Bhunaithe	9	1,619,310	1,993,964
Costais Riaracháin	10	1,018,835	1,135,460
Dímheas	12	381,967	319,807
Caiteachas Iomlán		19,730,868	17,558,188
BARRACHAS/(EASNAMH) DON TRÉIMHSE I NDIAIDH LEITHREASAÍ		605,660	1,533,299

BAINEANN AN tIONCAM AGUS AN CAITEACHAS GO LÉIR DON BHLIAIN LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ LEANÚNACHA AG AN DÁTA TUAIRISCITHE

TÁ AN RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID AGUS NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS SEO MAR CHUID DHÍLIS DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

D'FHAOMH AN BORD NA RÁITIS AIRGEADAIS AR AN 26 Meán Fómhair 2024 AGUS SÍNÍODH THAR A CHEANN IAD AG:-



MAURA MCGRATH

Cathaoirleach

HILARY HOUGH

Comhalta Boid

Dáta: 26 September 2024


RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH AGUS CÚLCHISTÍ COIMEÁDTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

	Nótaí	2023 €	2022 €
Barrachas / (Easnamh) don tréimhse i ndiaidh leithreasáí		605,660	1,533,299
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		599,000	(1,116,000)
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d' oibleagáidí sochair scoirs		(576,000)	6,632,000
Coigeartú ar an tsócmhainn chistithe pinsin iarchurtha	23 (c)	(23,000)	(5,516,000)
Barrachas/(Easnamh) Iomlán Cuimsitheach don tréimhse		605,660	1,533,299

BAINÉANN AN TIONCAM AGUS AN CAITEACHAS GO LÉIR DON BHLIAIN LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ LEANÚNACHA AG AN DÁTA TUAIRISCITHE

TÁ AN RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID AGUS NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS SEO MAR CHUID DHÍLIS DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

D'FHAOMH AN BORD NA RÁITIS AIRGEADAIS AR AN 26 Meán Fómhair 2024 AGUS RINNE NA DAOINE SEO A LEANAS IAD A SHÍNIÚ THAR A gCEANN:-



MAURA MCGRATH

Cathaoirleach

Dáta: 2024

HILARY HOUGH



Comhalta Boird

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

	Nótaí	2023	2023	2022	2022
		€	€	€	€
Sócmhainní Seasta					
Maoin, Gléasra agus Trealamh	12		982,722		756,730
Sócmhainní Reatha					
Infháltais agus réamhíocaíochtaí	13	316,557		739,505	
Airgead agus Coibhéisí Airgid		8,587,159		7,689,283	
		<u>8,903,716</u>		<u>8,428,788</u>	
Suimeanna Iníochta: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	14a	<u>(4,992,159)</u>		<u>(5,068,262)</u>	
Glansócmhainní Reatha			<u>3,911,557</u>		<u>3,360,526</u>
Sócmhainní iomlána lúide Dlíteanais Reatha			<u>4,894,279</u>		<u>4,117,256</u>
Suimeanna Iníochta: méideanna a bheidh dlite i ndiaidh aon bhliain amháin	14b		-982,471		-807,108
Sochair Scoir					
Oibleagáidí maidir le Sochar Scoir	23c	(14,074,980)		(12,445,857)	
Sócmhainn chun Sochar Scoir larchurtha a mhaoiniú	23b	<u>14,074,980</u>		<u>12,445,857</u>	
			<u>0</u>		<u>0</u>
Glansócmhainní iomlána			<u><u>3,911,808</u></u>		<u><u>3,310,148</u></u>
Cúlchistí					
Cúlchistí Tosaigh I&C			3,012,039		1,478,740
Barrachas/(easnamh) don tréimhse			605,660		1,533,299
Cúlchistí Eile	15		294,109		298,109
Iomlán na gCúlchistí			<u><u>3,911,808</u></u>		<u><u>3,310,148</u></u>

TÁ AN RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID AGUS NA NÓTAÍ A GHABHANN LEIS SEO MAR CHUID DHÍLIS DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

D'FHAOMH AN BORD NA RÁITIS AIRGEADAIS AR AN 26 Meán Fómhair 2024 AGUS RINNE NA DAOINE SEO A LEANAS IAD A SHÍNIÚ THAR A gCEANN:-

MAURA MCGRATH

Cathaoirleach

HILARY HOUGH

Comhalta Boid

Dáta: 26 September 2024

RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

	2023	2022
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN AGUS AISTRITHE AR BHUNÚ		
Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin	605,660	1,533,299
Dímheas	381,967	319,807
Amúchadh Deontas Caipitils	(378,022)	(315,862)
(Méadú)/Laghdú ar Infháiltas	422,948	(395,449)
Méadú/(Laghdú) i Suimeanna Iníochthas	(130,677)	1,910,219
Méadú/(Laghdú) i gCúlchistí Eile	(4,000)	-
	<hr/>	<hr/>
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	897,876	3,052,014
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTAS		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil	607,959	300,895
Deontais Chaipitil a Fuarthas	(607,959)	(300,895)
	<hr/>	<hr/>
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe	-	-
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
MÉADÚ/(LAGHDÚ) AR AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM SA TRÉIMHSE	897,876	3,052,014
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>
AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AN 1 EANÁIR 2023	7,689,283	4,637,269
	<hr/>	<hr/>
AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM AN 31 NOLLAIG 2023	8,587,159	7,689,283
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

1 BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an CN leo agus a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcaitheamh na bliana:-

1.1. Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an CN don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

1.2. Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an Bord, le comhthoiliú an Aire Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe. Aonán leasa pobail is ea an CN agus tá stádas cánach carthanúla aige.

1.3. Airgeadra

i Airgeadra Feidhmiúil agus Tuairiscithe

Déantar na míreanna a chuimsítear sna ráitis airgeadais a thomhas agus úsáid á baint as airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina n-oibríonn an CN ("an t-airgeadra feidhmiúil"). Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro, arb é atá i gceist le hairgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an chomhlachta agus ainmnítear é leis an tsiombail "€".

ii Idirbhearta agus Iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach chuig an airgeadra feidhmiúil agus úsáid á baint as na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart. Ag deireadh gach tréimhse, aistrítear míreanna airgeadaíochta airgeadra eachtraigh agus an ráta reatha á úsáid.

1.4. Ioncam

Aithnítear ioncam sa mhéid go bhfuil an ceart ag an CN chun machnamh a dhéanamh mar chúiteamh ar a fheidhmíocht agus ní chuirtear cáin bhreisluacha san áireamh ann. Aithnítear ioncam ó sholáthar seirbhísí sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na seirbhísí a sholáthar agus is féidir toradh an chonartha a mheas go hiontaoifa.

Aithnítear ioncam ó sholáthar seirbhísí sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na seirbhísí a sholáthar agus is féidir toradh an chonartha a mheas go hiontaoifa.

Nuair a éilíonn na coinníollacha arna bhforchur ag an deontóir go gcaithfí an acmhainn i mbliain chuntasaíochta amach anseo, déantar ioncam a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha ag dáta an chláir chomhardaithe. Baineann sé seo leis an ioncam urraithe ag Foghlaim agus Rannpháirtíocht.

1.5. Deontais ón Státhiste

Aithnítear deontais ioncaim ón Státhiste a Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair atá dearbhú réasúnta ann go bhfaighfear an deontas agus go gcomhlíonfaidh an CN na coinníollacha go léir atá i gceangal leis.

Tá gnéithe i) reatha agus ii) caipitil araon i gceist leis an deontas. Sonraítear an deontas reatha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus luaitear an deontas caipitil ag nóta 16. Cuirtear deontais chaipitil i bhfeidhm chun sócmhainní seasta a fháil. Déantar deontais chaipitil a amúchadh leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais thar an tréimhse chéanna ina ndéantar na bunsócmhainní a dhímheas.

1.6. Maoin, Gléasra agus Trealamh agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha.

Ríomhtar an muirear dímheasa chun luach leabhar gach Sócmhainne Seasta a dhíscríobh i rith a ghnáthshaolré ionchais ar bhonn líne dhíreach ar na rátaí seo a leanas:-

Athrú a dhéanamh ar Áitreabh Léasach	-	Idir 10 agus 50 bliain
Píborgán	-	25 Bliain
Pianó Steinway & Gléasanna Ceoil Eile	-	5 Bliana
Córas Sonraí Ríomhaire	-	5 Bliana
Trealamh Oifige, Lónadóireachta & Eile	-	5 Bliana
Aimplitheoirí agus an Córas Callairí	-	5 Bliana
Córas Telleafóin	-	5 Bliana
Consól Measctha	-	5 Bliana
Péinteálacha	-	5 Bliana

Lagú

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas lagaithe don tsuim sin lena sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainní a suim inghnóthaithe.

Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus an luach cóir is airde a bhíonn ar shócmhainn lúide na costais a bhíonn ar an tsócmhainn sin a dhíol agus an luach a bhíonn uirthi fad a bhíonn úsáid á baint aisti. Sainmhínítear 'á úsáid' mar luach reatha na sreafaí airgid amach anseo a gheofar mar thoradh ar úsáid leanúnach a bhaint as na sócmhainní.

Má mheastar go mbeidh suim inghnóthaithe na sócmhainne níos ísle ná an tsuim ghlanluacha, lagdaítear an tsuim ghlanluacha anuas go dtí a suim inghnóthaithe.

Sa chás go n-aisiompáítear caillteanas lagaithe ina dhiaidh sin, méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne aníos go dtí an meastachán leasaithe ar a suim inghnóthaithe a airde sin leis an tsuim ghlanluacha leasaithe, ach gan é sin a shárú, a dhearbhófaí (glan ar dhímheas) murar aithníodh aon lagú i dtréimhsí roimhe seo. Aithnítear aisiompú ar chaillteanas lagaithe sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas. Aithnítear aisiompú sa chaillteanas bearnaithe sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas.

1.7. Infháltais

Is éard atá i gceist le hinfháltais ná féichiúnaithe trádála agus eile. Aithnítear soláthar i dtaobh infháltais nach ndéantar a aisghabháil nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an CN in ann na suimeanna go léir atá dlite a bhailiú. Is é suim an tsoláthair an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainní agus an luach in-aisghabhála measta.

1.8. Airgead agus Coibhéisí Airgid

Is ionann airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus airgead tirim ar láimh, taiscí prapéilimh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtacha eile ag a bhfuil bunábíochtaí trí mhí nó níos lú acu. Léirítear rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí i ndlíteanais reatha ar an ráiteas ar an staid airgeadais.

1.9. Suimeanna iníoctha

Is éard atá i gceist le suimeanna iníoctha creidlúnaithe trádála agus eile agus rangáítear iad mar dhlíteanais reatha má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura rangáítear, cuirtear i láthair iad mar dhlíteanais neamhreatha.

1.10. Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid reatha dhlíthiúil nó chuiditheach ar an CN mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo: is dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; agus nuair is féidir suim na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

Déantar soláthairtí a thomhas ar luach reatha an chaiteachais a mbíonn súil leis a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach.

1.11. Teagmhais

Aithnítear dlíteanais theagmhasacha, a thagann chun solais mar thoradh ar imeachtaí a tharla roimhe seo, sna cásanna seo a leanas: (a) ní dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní nó ní féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa ag an dáta tuairiscithe nó (b) nuair a dheimhneofar an láithreachacht má tharlaíonn nó mura dtarlaíonn imeachtaí éiginnte amach anseo nach bhfuil smacht iomlán ag an eagraíocht orthu. Nochtar dlíteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is fánach an seans go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais ach nuair is dóchúil go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

1.12. **Sochair Fostaí**

Cuireann an CN réimse sochar ar fáil d'fhostaithe. Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta chosúla eile, mar chostas sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Caithfear íoc as caiteachas ar phinsin agus cnapshuimeanna a bhaineann le Scéim Aoisliúntais Foirne an Cheolárais Náisiúnta, 1987 ó acmhainní an Cheolárais mar a bhíonn siad iníoctha. Cuirfear an caiteachas seo san áireamh agus an Deontas bliantúil á ríomh. Féach Nóta 23 chun a thuilleadh eolais a fháil.

Bhunaigh an Ceoláras Náisiúnta a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a sholáthraítear trína dheontas bliantúil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Oibríonn an Ceoláras Náisiúnta an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

1.13 **AN CÚLCHISTE ATHFHORBARTHA CAIPITIL**

Chinn an Ceoláras Náisiúnta cúlchiste athfhorbartha caipitil a bhunú agus is é an cuspóir atá leis ná costais athfhorbartha an Halla amach anseo a chistiú. Tá gach cinneadh maidir le húsáid an chúlchiste seo faoi réir cheadú an Bhoird. Féach Nóta 17.

2 **BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA**

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, bíonn ar na stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann dífead do bheartais a chur i bhfeidhm agus na suimeanna a thugtar le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas. Déantar meastóireacht leanúnach ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear teagmhais a meastar go réasúnach a d'fhéadfadh tarlú amach anseo.

Déanann an CN meastacháin agus toimhdí a bhaineann leis an tréimhse amach anseo. B'fhéidir nach ionann na meastacháin chuntasaíochta a bhíonn mar thoradh orthu agus an toradh a bhaineann leo ar deireadh. Pléitear thíos na meastacháin agus na toimhdí ar baol mór dóibh bheith ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna ghlanluacha sócmhainní agus dliteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

Saolré áisiúil gheilleagrach a bhunú ar mhaithe le cuspóirí dímheasa sócmhainní seasta: Cuimsíonn sócmhainní seasta cuid ábhartha de na sócmhainní iomlána. Braitheann an muirear dímheasa bhliantúil go príomha ar shaolré úsáideach eacnamaíoch gach cineáil sócmhainne agus ar mheastacháin ar luachanna iarmharacha. Féadfaidh

athruithe ar shaolré úsáideach sócmhainne tionchar suntasach a imirt ar mhuirir dhímheasa agus amúchta don tréimhse. Cuirtear sonraí san áireamh faoi shaolréanna measta úsáideacha geilleagracha sna beartais chuntasaíochta.

3 RANPHÁIRTÍOCHT A AISTRÍÚ

Bunaíodh an Ceoláras Náisiúnta mar chomhlacht reachtúil an 1 Feabhra 2016. Aistríodh gníomhaíochtaí an chomhlachta réamhtheachtaí (An Ceoláras Náisiúnta, The National Concert Hall Company Limited) chuig an gCeoláras Náisiúnta, the National Concert Hall agus b'ionann an luach a bhí ar na gníomhaíochtaí sin agus €1,570,230.

Ar an 24 Eanáir 2022, aistríodh an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta agus cóir (Cór Fiolarmónach RTÉ, Cór na nÓg RTÉ agus Cór Linn RTÉ) ó RTÉ chuig an gCeoláras Náisiúnta, faoi Chomhaontú idir Raidió Teilifís Éireann agus an Ceoláras Náisiúnta. Tá an t-aistriú seo cuimsithe anois san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2023.

4 IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Níl aon ionstraimí airgeadais ag an CN. Léiríonn an nóta seo sócmhainní agus dliteanais airgeadais.

	2023	2022
	€	€
Sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas iad		
Féichiúnaithe trádála	106,393	63,388
Féichiúnaithe eile	192,156	411,214
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	8,587,159	7,689,283
Dlíteanais airgeadais arna dtomhas ag a gcostas		
Creidiúnaithe trádála	234,544	257,998
Creidiúnaithe Eile	2,864,524	3,174,902
Deontais Chaipitil larchurtha	921,481	691,546
Rótharraingt bhainc	147,583	162,490
Réamháirithintí agus réamhéarlaisí	1,256,410	1,142,745

5 DEONTAIS ÓN STÁTCHISTE

B'ionann deontais ón Státchiste a fuarthas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán don tréimhse chuntasaíochta dar críoch 31 Nollaig 2023 agus €13,241,000 (2022 - €13,354,000).

	2023	2022
	€	€
Deontais loncaim:		
Deontas Bliantúil Státchiste faighte	13,241,000	13,354,000
Deontas 2022 infheidhme do H1 2023	387,333	(387,333)
Deontas Státchiste léirithe in I&C	13,628,333	12,966,667
Lúide		
Tarchurtha chuig an Roinn (RBA)	(127,905)	(107,825)
Íoctha don RCPA (SPSPS)	(218,245)	(195,403)
	<hr/>	<hr/>
Glanmhéid Deontais ón Státchistest	13,282,183	12,663,439

In 2023, íocadh €127,905 trí RBA (Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais) agus €218,245 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, rud a d'fhág go raibh glanmhéid Deontais an Rialtais €13,283,900 (2022: €12,663,439) inchurtha i leith 2023.

Cistí eile a fuarthas	€
Deontais ó RTCEGSM, ag tacú le himeachtaí sonracha - Féinphróimóisin	140,000
Deontais ó RTCEGSM, ag tacú le Foghlaim & Rannpháirtíocht - Ioncam Eile	8,401
Maoiniú ón Roinn Gnóthaí Eachtracha – Féinphróimóisin	219,924
Maoiniú ón gComhairle Ealaíon - Tionscnaimh Féin	160,000
Tacaíocht ó chomhlachtaí éagsúla maoinithe ag an Rialtas don Foghlaim & Rannpháirtíocht - Ioncam Eile	19,457

Deontais Chaipitil: In 2023, fuair an CN Deontais Chaipitil de €706,213 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM). Cuireadh €400,000 den deontas seo siar lena úsáid ar thionscadal athfhorbartha an CN. Aistríodh iarmhéid an deontais a fuarthas chuig cuntais an Deontais Chaipitil larchurtha mar aon le hairgead a cuireadh siar roimhe seo agus a coinníodh in Ioncam larchurtha.

6a. FÉINPHROMÓISIN

	2023	2022
	€	€
Ioncam ó Fhéinphromóisean	2,977,442	2,730,633

Léiríonn Ioncam ó Fhéinphromóisin Díolacháin Ticéad, mar aon le haon mhaoiniú / urraíocht rialtais a bhaineann le agus tacaíocht mhaoinithe le haghaidh léirithe arna gcoimeád agus arna dtáirgeadh ag an gCeoláras Náisiúnta.

6b. IONCAM EILE

	2023	2022
	€	€
Fruiliú an Halla	603,966	487,383
Coimisiúin	382,993	274,554
Urraíocht an Chláir Oideachais agus Fáltais Ghaolmhara	487,369	485,595
Cairde/Corparáidí/Síntiúis Dhaonchairdiúlas	162,694	179,762
Cíos Lónadóireachta	164,423	113,839
Maoiniú le haghaidh Imeachtaí Speisialta	166,783	752,799
Ioncam ilghnéitheach	78,530	66,323
	2,046,758	2,360,255

7 COSTAIS FOIRNE**Líon na bhfostaithe**

Seo a leanas meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana:

	2023	2022
	Líon	Líon
Tacaíocht Ceolchoirmet	93	83
Riarachán	51	35
Ceolfhoireann	151	89
	295	207

Costais Fostaíochta

	€	€
Pá agus tuarastail	8,939,717	7,737,465
ÁSPC(Fostóir)	895,479	802,428
	9,835,196	8,539,893

Níor íocadh aon ragobair leis an mbainistíocht. Ní íoctar liúntais leis an mbainistíocht ná leis an bhfoireann eile. Íoctar luach saothair Nollaig do bhaill foirne a bhí ag obair leis an eagraíocht suas go dtí an 31 Nollaig 2021. Chinn an Bord in 2023 go gcuirfí deireadh leis seo trí cheannach thar barr amach. Amhail an 31 Nollaig 2023, cuireadh fabhrú €276,952 ar fáil don cheannach thar barr amach seo. Cuireann comhaltaí Boird a seirbhísí ar fáil ar bhonn pro bono. Mar an príomhchinnteoir bainistíochta agus an bealach ina dtugtar faoi threoracha an Bhoird, tá pacáiste luach saothair an POF mionsonraithe ag Nóta 20. Tugtar mionsonraí ar na raonta tuarastail don POF agus do na gráid bhainistíochta araon ag Nóta 21. Ní dhearnadh aon socraíochtaí maidir le híocaíochtaí foirceanta seachas na gnáth-chnapshuimeanna a bhíonn iníoctha mar chuid den scéim aoisliúntais. Is éard atá sa Phríomhphearsanra Bainistíochta an Bord agus an POF. Ní íoctar aon tuarastail le comhaltaí Boird. B'íonann an líon foirne coilbhéise lánaimseartha agus 186 agus 207 do na blianta dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus 2022, faoi seach.

8. COSTAIS PHROMÓISIN

	2023	2022
	€	€
An Clár Foghlama agus Rannpháirtíochta	326,947	272,940
Costais ó Fhoghlaim agus Rannpháirtíocht	211,179	229,330
Fógraíocht agus Promóisean	966,816	878,287
An Costas a bhí ar ár bPromóisin Féin	3,360,487	2,979,947
Taisteal agus Cothú Taibheoirí	526,023	308,878
Táillí Bhainc agus Cárta Creidmheasa	65,898	49,475
	5,457,350	4,718,857

9. COSTAIS BHUNAITHE

	2023	2022
	€	€
Glantachán agus Sláinteachas	231,619	504,877
Solas agus Teas	441,549	574,556
Árachas	93,478	72,058
Cíos agus Rátaí	11,681	14,425
Slándáil	14,054	20,352
Tiúnáil Pianó	48,316	42,905
Ilchostais	198,076	84,253
Costais Oibríúcháin CSN	103,839	107,832
Oiliúint & Forbairt Foirne	75,704	100,893
Deisiúcháin agus Athsholáthar	400,994	471,814
	1,619,310	1,993,964

10. COSTAIS RIARACHÁIN

	2023	2022
	€	€
Clódóireacht agus Páipéarachas	15,311	10,992
Táillí Gairmiúla	672,341	241,554
Imeachtaí Speisialta	156,632	752,799
Postas	32,495	43,527
Teileafón	53,189	51,628
Costais an Chathaoirligh/na Stiúrthóirí	2,608	1,920
Costais Oibríochtúla an Bhoird & Coistí	8,082	3,253
Costais Earcaíochta Foirne agus Gníomhaireachta	35,802	12,883
Costais Bhainistíochta	42,375	16,906
	1,018,835	1,135,460

11. BARRACHAS/(EASNAMH) OIBRIÚCHÁIN

	2023	2022
	€	€
Luaitear Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin i ndiaidh an méid seo a leanas a ghearradh:		
Táillí Iniúchóireachta	17,516	19,128
Dímheas sócmhainní seasta - faoi úinéireacht	381,967	319,807
agus i ndiaidh an méid seo a leanas a chreidiúnú:		
Deontas ón Státchiste	13,628,333	12,996,667

12. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

COSTAS	Iarmhéid Tosaigh €	Breiseanna €	Diúscairtí €	Iarmhéid Deiridh €
Aimplitheoirí agus an Córas Callairí	1,249,658	67,913		1,317,571
Athruithe ar Áitreabh Léasach	522,351	45,037		567,388
Píborgán	735,460	-		735,460
Córas Sonraí Ríomhaire	2,301,109	96,767		2,397,876
Trealamh Lónadóireachta, Oifige agus Eile	3,044,840	79,605	(11,042)	3,113,403
Pianoforte agus Uirlisí Ceoil Eile	595,205	296,792		891,997
Córas Teileafóin	162,201	-		162,201
Consól Measctha	427,172	21,845		449,017
Péinteáil	40,775	-		40,775
	9,078,771	607,959	(11,042)	9,675,688

DÍMHEAS	Iarmhéid Tosaigh €	Muirear dímheasa €	Dímheas ar dhiúscairtí €	Iarmhéid Deiridh €
Aimplitheoirí agus an Córas Callairí	1,033,889	83,177		1,117,066
Athruithe ar Áitreabh Léasach	365,008	23,871		388,897
Píborgán	735,460	-		735,460
Córas Sonraí Ríomhaire	2,137,434	91,736		2,229,170
Trealamh Lónadóireachta, Oifige agus Eile	2,891,491	79,995	(11,042)	2,960,444
Pianoforte agus Uirlisí Ceoil Eile	595,196	59,358		654,554
Córas Teileafóin	159,304	1,440		160,744
Consól Measctha	371,639	34,235		405,874
Péinteáil	32,620	8,155		40,775
	8,322,041	381,967	(11,042)	8,692,966

GLANLUACH LEABHAR	Iarmhéid			Closing
	Tosaigh	Breiseanna	Diúscairtí	Balance
RÉAMHDHEONTAIS CHAIPITIL	€	€	€	€
Aimplitheoirí agus an Córas Callairí	215,769	(15,264)	-	200,505
Athruithe ar Áitreabh Léasach	157,342	21,166	-	178,509
Píborgán	-	-	-	-
Córas Sonraí Ríomhaire	163,676	5,031	-	168,706
Trealamh Lónadóireachta, Oifige agus Eile	153,349	(390)	-	152,959
Pianoforte agus Uirlisí Ceoil Eile	9	237,434	-	237,443
Córas Teileafóin	2,897	(1,440)	-	1,457
Consól Measctha	55,533	(12,390)	-	43,143
Péinteáil	8,155	(8,155)	-	-
GLANLUACH LEABHAR				
RÉAMHDHEONTAIS CHAIPITIL	756,730	225,992	-	982,722
DEONTAIS CHAIPITIL - COSTAS	7,971,976	607,959	(11,042)	8,568,893
AMÚCHADH DEONTAS CAIPITIL	7,280,429	378,022	(11,042)	7,647,409
Deontais Chaipitil gan amúchadh fós	691,547	229,937	-	921,484
DEONTAIS CHAIPITIL LÚIDE GLANLUACH				
DE RÉIR NA LEABHAR GAN AMÚCHADH FÓS	65,183			61,238

Níl aon léas ann a ndearnadh léas foirmiúil de do na foirgnimh a áitíonn an Ceoláras Náisiúnta. Is féidir leis an gCeoláras Náisiúnta úsáid a bhaint as na foirgnimh ó Oifig na nOibreacha Poiblí ar chomaoin bhliantúil ainmniúil €100.

Bhí Ceangaltais Chaipitil €81,451 ann amhail an 31 Nollaig 2023 maidir le ceannach uirlisí ceoil.

13. INFHÁLTAIS AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

	2023	2022
	€	€
Féichiúnaithe trádála	106,393	63,388
CBL Infhaighte	-	264,903
Ioncam Fabhraithe	44,970	177,585
Réamhíocaíochtaí	165,194	233,629
	316,557	739,505

14a. SUIMEANNA INÍOCTHA: SUIMEANNA ATÁ DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

	2023	2022
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	234,544	257,998
ÍMAT/ÁSPC/RBA	321,129	346,658
Rótharraingt Bhainc	147,583	162,490
CBL Dlíte	12,351	-
Fabhruithe	1,280,766	1,211,367
Ioncam Iarchurtha	961,354	1,636,185
Deontais Chaipitil	378,022	310,819
(sonraítear i Nóta 16 gluaiseachtaí thar an tréimhse)		
Réamháirithintí agus Réamhéarlaisí	1,256,410	1,142,745
Réamh-mhaoiniú Athfhorbartha	400,000	-
	4,992,159	5,068,262

14b. SUIMEANNA INÍOCTHA: SUIMEANNA A BHEIDH DLITE TAR ÉIS BLIAIN AMHÁIN

	2023	2022
	€	€
Scéim Aoisliúntais Foirne, Céilí & Leanaí	277,191	265,069
Scéim RSB	161,821	161,313
Deontais Chaipitil Iarchurtha	543,459	380,727
(sonraítear i Nóta 16 gluaiseachtaí thar an tréimhse)		
	982,471	807,109

15. CÚLCHISTÍ EILE

	2023	2022
	€	€
Oideachais agus For-rochtana	27,014	31,014
(sonraítear i Nóta 18 gluaiseachtaí thar an tréimhse)		
Cúlchiste Athfhorbartha Caipitil	267,095	267,095
(sonraítear i Nóta 17 gluaiseachtaí thar an tréimhse)		
	294,109	298,109

Ar an 8 Márta 2007, chuir Ann Sophie Mutter ceolchoirm i láthair agus tugadh an t-airgead ón gceolchoirm sin don Cheoláras Náisiúnta le húsáid go heisiach dá Chlár Oideachais agus For-rochtana.

16. GLUAISEAHT AR DHEONTAIS CHAIPITIL IARCHURTHA

	2023	2022
	€	€
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2023	691,545	706,512
Deontais Chaipitil Iarchurtha scaoilte leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	(378,022)	(315,862)
Leithdháilte ó Dheontais Reatha Iarchurtha	301,745	
Deontais Chaipitil a Fuarthas	306,213	300,895
	<hr/>	<hr/>
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2023	921,481	691,545
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Den €921,482 amhail an 31 Nollaig 2023, tá €378,022 le hamúchadh laistigh de bhliain amháin agus €543,459 i ndiaidh bliana.

17. CÚLCHISTE ATHFORBARTHA CAIPITIL

	2023	2022
	€	€
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2023	267,095	267,095
	<hr/>	<hr/>
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2023	267,095	267,095
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

18. RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I gCÚLCHISTÍ EILE

	Oideachas & For-rochtain	Iomlán
	€	€
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2023	31,014	31,014
Scaoileadh Cúlchiste	(4,000)	(4,000)
	<hr/>	<hr/>
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2023	27,014	27,014
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

19. LUACHANNA SAOTHAIR AN CHATHAOIRLIGH

	2023	2022
	€	€
Luachanna Saothair an Chathaoirligh	-	-

20. TUARASTAL AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

	2023	2022
	€	€
Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	123,074	114,506

Ní bhfuair an POF aon luach saothair breise, ná íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht, sochair nó eile..

21. MIONDEALÚ AR SHOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA FOSTAITHE

	2023	2022
Catagóir Tuarastail		
€60,000 go €69,999	12	12
€70,000 go €79,999	2	1
€80,000 go €89,999	4	5
€90,000 go €99,999	3	1
€100,000 go €109,999	2	1
€110,000 go €119,999	1	1
€120,000 go €129,999	1	-
Iomlán	25	21

Áirítear ar na tuarastail atá liostaithe thuas tuarastal an POF (féach Nóta 20) agus an tsraith is airde den bhainistíocht.

Nóta: Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

22. TAISTEAL & COTHÚ

Déantar an catagóiriú seo a leanas ar Chaiteachas Taistil agus Cothaithe:-

	2023	2022
	€	€
Náisiúnta		
Bord	2,154	594
Fostaithe	537,335	316,338
Idirnáisiúnta		
Bord	1,946	0
Fostaithe	4,952	5,707
Iomlán	546,387	332,639

Áirítear le costais taistil & chothaithe d'fhostaithe €526,023 (2022: €308,878) do cheoltóirí, mar a nochtar i nóta 8.

23. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

a) Is ionann na costais a bhaineann leis na sochair scoir a sheirbhísiú don tréimhse agus €1,419,927 (2022: €850,207):

	2023	2022
	€	€
Costas sochar scoir a sheirbhísiú	1,319,360	951,435
Costas Úis	445,000	202,000
Íoctha don RCPA (SPSPS)	(218,245)	(195,403)
Tarchurtha chuig an Roinn (RBA)	(127,905)	(107,825)
	<hr/>	<hr/>
Glanchoistais phinsin in aghaidh an P&L	1,418,210	850,207
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Is ionann an maoiniú iarchurtha do phinsin agus €1,652,123 (2022:1,040,239):

	2023	2022
	€	€
Maoiniú ag teastáil don bhliain reatha	1,764,360	1,153,435
Lúide maoinithe faighte do phinsin a íocadh sa bhliain	(112,237)	(113,196)
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	1,652,123	1,040,239
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

b) Sócmhainn chun Sochar Scoir Iarchurtha a mhaoiniú

Aithníonn an Ceoláras Náisiúnta na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas sochair scoir neamhchistithe iarchurtha ar bhonn roinnt imeachtaí. Áirítear leis na himeachtaí seo an bonn reachtúil maidir le bunú an Cheolárais Náisiúnta an 1 Feabhra 2016; aistriú na ndlíteanas pinsin ó iar-Chuideachta an CN chuig an CN mar chomhlacht reachtúil; comhfhreagras ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go dtuigtear go bhfuil dearbhú réasúnta ann go ndéanfaidh sé costais dhliteanais phinsin an CN amach anseo agus na cleachtais atá i bhfeidhm faoi láthair sa tseirbhís phoiblí i ndáil le costais phinsin chomhlachtaí poiblí amach anseo a chistiú agus a chur i dtaifead.

c) Gluaiseacht ar Oibleagáidí le Sochar Sainithe

	2023	2022
	€	€
Glanoibleagáidí Sochair Scoir - 1 Eanáir	(12,445,857)	(16,940,559)
Costas Seirbhíse Iomlán an Fhostaí	(1,096,000)	(743,000)
Ús glan ar Ghlandliteanas Sochair Shainithe	(445,000)	(202,000)
Brabús/(Caillteanas) Achtúireach i rith na bliana	23,000	5,516,000
Ranníocaíochtaí Rannpháirtithe Plean	(231,000)	(208,435)
Aisiocaíochtaí pinsin príobháideach	7,640	
Pinsin Íoctha sa Bhliain	112,237	132,137
Glanoibleagáidí sochair scoir ar an 31 Nollaig	(14,074,980)	(12,445,857)

d) Tuairisc Ghinearálta ar Scéimeanna

Feidhmíonn an Ceoláras Náisiúnta Scéim Aoisliúntais d'fhostaithe buana a bhí fostaithe roimh an 31 Nollaig 2012. Socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe is ea í, ina sainítear na sochair trí tagairt do Scéim Aoisliúntais Foirne an Cheolárais Náisiúnta, 1987, do Scéim Aoisliúntais Céilí agus Leanaí an Cheolárais Náisiúnta, 1987 agus do rialacháin reatha na scéime "samhla" eanála poiblí.

Soláthraíonn an scéim pinsin (an t-ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse), cnapshuim ar scor (trí ochtódú cuid sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í gnáthaois scoir comhalta an lá a slánaíonn sé 65 bliain, agus tá teidlíocht ag comhaltaí dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó 60 bliain d'aois. Tagann méadú ar phinsin, faoi réir fhaomhadh an Aire, ar aon dul le méaduithe ábhartha ar phá atá infheidhme maidir leis an bhfoireann atá ag fónamh. Bíonn na méaduithe siúd pinsin éifeachtach ó na dátaí céanna a bhíonn na méaduithe ar phá éifeachtach. Cé go leanann an scéim de bheith ag feidhmiú faoi théarmaí Scéim Aoisliúntais Foirne an Cheolárais Náisiúnta, 1987, níor bunaíodh a bunú go foirmiúil faoi reacht go fóill. Is socrú aoisliúntais le sochar sainithe neamhchistithe é an scéim agus íoctar sochair ar bhonn íoc mar a thuillir ó chroíchistiú an CN. De réir Alt 20 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015 ("an tAcht"), rinneadh dlíteanas den CN de dhlíteanas phinsin Chuideachta an CN ó lá a bhunaithe, an 1 Feabhra 2016. Foráiltear san alt seo, chomh maith, go mbeidh sochair aoisliúntais a bhronntar ar, nó maidir le duine a aistríodh, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha siúd nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis nó léi ná na téarmaí agus na coinníollacha maidir le bronnadh na sochar sin faoin scéim aoisliúntais nó an socrú a bhaineann leis an duine sin díreach roimh an lá bunaithe.

Caithefead íoc as caiteachas ar phinsin agus cnapshuimeanna a bhaineann le Scéim Aoisliúntais Foirne an Cheolárais Náisiúnta, 1987 ó acmhainní an Cheolárais mar a bhíonn siad iníoctha. Cuirtear an caiteachas seo san áireamh agus deontas an chomhlachta á ríomh.

Oibríonn an Ceoláras Náisiúnta an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh

an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus b'ionann agus €218,245 agus €195,403 iad do na blianta dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus 2022, faoi seach.

Léirítear le costais phinsin na sochair pinsean atá tuilte ag fostaithe, agus taispeántar glan ó ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne iad. Coimeádann an Ceoláras Náisiúnta asbhaintí aoisliúntais maidir le Scéim Aoisliúntais na gCéilí agus na Leanaí agus aithnítear mar dhliteanas iad (féach Nóta 14).

Áirítear figiúr na hoibleagáide sochair scoir a bhaineann leis an Scéim Aonair le figiúirí na n-oibleagáidí sochair scoir iomlána €14,074,980 (2022: €12,445,857, féach nóta 23(c)).

Bunaíodh an mhodheolaíocht luachála a úsáideadh ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire cáillithe neamhspleách agus riachtanais Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime an 31 Nollaig 2023.

Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha:-

	2023	2022
	€	€
Ráta Lascaine	3.15%	3.60%
Ráta an Mhéadú Tuarastail	3.35%	3.60%
Boilsciú Praghas	2.35%	2.60%
Méaduithe Pinsin do Shochair Iníocaíochta	2.85%	3.10%
Méadaithe Pinsin ar Shochair Iarchurtha	2.85%	3.10%

Ionchas saoil

Leis an mbonn básmaireachta, is ríléir go gceadaítear feabhsuithe san ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil ag dul ar scor ag brath ar an mbliain ina sroicheadh ball an aois scoir. Taispeántar sa tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroicheadh 65 bliain d'aois in 2023 agus 2043.

Ionchas saoil do chomhaltaí atá 65 bliana d'aois slánaithe acu	2023	2043
Ionchas saoil – fir (i mblianta)	22.1	24.3
Ionchas saoil – mná (i mblianta)	24.4	26.4

24. GNÓTHAS LEANTACH

Bunaíodh an Ceoláras Náisiúnta mar chomhlacht reachtúil faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta (an Ceoláras Náisiúnta), 2015. Mar chomhlacht reachtúil, bíonn súil leis go mbeadh ar an CN teacht ar fhoinsí caipitil ón Stát, sa chás go dteastóidís. Is dealraitheach don CN, mar chomhlacht atá caipitlithe go sásúil, nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann a bhfuil cur amach aige air, i leith a chumais chun leanúint mar ghnóthas leantach.

25. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 26 Meán Fómhair 2024.



Seoladh an Chláir Quavers to Quadratics.



Ceardlann Quavers to Quadratics i gCo. na Gaillimhe.



Baill den Chór Shiansach Náisiúnta ag seinm ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.



Buaifeoir Ghradam Liam O'Flynn, Síange Boy le Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon Maureen Kennelly agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Cheolárais Náisiúnta, Robert Read.



Bob Odenkirk faoi agallamh ag Aisling Bea mar chuid de Chomhrá an Cheolárais Náisiúnta.

Sainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí

Táimid tiomanta ag an gCeolárais Náisiúnta do shármhaitheas a bhaint amach maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil, agus do thacú le gach ealaíontóir, léiriúchán, imeacht agus pearsanra chun oibríochtaí níos glaise a reáchtáil, agus dramhaíl neamhriachtanach á seachaint nuair is féidir sin.

Cuirtear i dtábhacht sa tsainordú na príomhchuspóirí do chomhlachtaí poiblí maidir le gníomhú ar son na haeráide. I gcomhlíonadh an tsainordaithe, tuairiscíonn an Ceoláras Náisiúnta ar na nithe seo a leanas:

A. Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa (GCT).

Léiríodh sa tuarascáil faireacháin agus tuairiscithe a rinne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) don bhliain 2022 coigilteas fuinnimh 8.8% don Cheoláras Náisiúnta i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2016. 82.4%, sin é ár ráta athchúrsála don bhliain 2023, ráta a chuimsíonn 8 dTona d'ábhar in-athchúrsáilte tirimé agus 1.6 Tona dramhaíola.

B. Cur i bhfeidhm an tsainordaithe

Rinne Bord an Cheolárais Náisiúnta Treochlár 2023 an Cheolárais maidir le Gníomhaíochta ar son na hAeráide a fhaomhadh

C. Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta Tharla roinnt tionscnamh inbhuanaithe agus leanadh leo in 2023 lena n-áirítear:

- Leanamar lenár gclár uasghrádaithe ar fheistis solais LED lena n-áirítear soilse ceolfhoirne sa Phríomh-Amharcléiriú
- D'athraigh muid go fuinneamh in-athnuaite 100%.
- Chuireamar múnlaí atá fíosach ar fhuinneamh in ionad ár gcuid printéirí.
- Rinnemar laghdú 53.9% ar ár bpriontáil ticéad idir 2018 agus 2023
- Chruthaíomar limistéar bithéagsúlachta "Garden Shed" ar chúil an Cheolárais.

D. Deimhníonn an Ceoláras Náisiúnta go gcomhlíonann sé

Ciorclán 1/2020: Nósanna imeachta chun astaíochtaí a sheachur a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil.

